

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ

1. Déan taigne ar an nGaeilge.
2. Faigh samplaí den Ghaeilge i ngach aois.
3. Déan comparáid idir an ghaeilge sa sean aois agus anois.

An tOgham agus an tSean Gaeilge -

B'é an tOgham an chéad chóras scríofa don Ghaeilge, ach is gnách an teanga a chur ar páir i litreacha Laidineacha le níos mó ná míle bliain anuas. Sa tseachtú haois a tháinig an chéad leagan caighdeánaithe den teanga, mar atá, an tSean-Ghaeilge, ar an bhfód, agus í sách difriúil fós leis an gcineál Gaeilge a labhraítear inniu .

An Mhéan-Ghaeilge

De réir a chéile, tháinig meath ar thraigisiún scríofa na Sean-Ghaeilge, agus an Mheán-Ghaeilge ag teacht ina háit. Teanga cineál measctha is ea í an Mheán-Ghaeilge, nó is deacair aon chaighdeán nó norm ceart a leagan amach di. Tá idir chaint na ndaoine agus ghrámadach chasta na Sean-Ghaeilge ag dul trí chéile sa Mheán-Ghaeilge, agus thairis sin, is féidir forcheartú a fheiceáil ansin - is é sin, iarrachtaí teipthe ar chloí le caighdeán na Sean-Ghaeilge nach bhfuil ceart de réir an chaighdeáin sin *ná* de réir chaint na ndaoine.

An Nua-Ghaeilge

Le teacht an dóú haois déag, múnlaíodh an caighdeán nua - caighdeán a bhí sách cóngarach do chaint na ndaoine, an chuid ba mhó léinn acu ar a laghad - ar a dtugtar an *Nua-Ghaeilge Clasaiceach*. Caighdeán sách dian atá inti, agus í saor go hiomlán ó gach cineál canúnachais. Is fíor go raibh cead ag na filí úsáid a bhaint as dhá leagan chanúnacha den fhocal chéanna le freastal ar riachtanais na ríme is na rithime (abair, *clach* agus *cloch*), ach níorbh ionann sin is a rá go mbeadh an file seo níos claonta chun an leagan seo a úsáid agus an file úd eile níos doirte d'fhoirm a chanúna féin - bhí an bheirt acu ag úsáid an dá fhoirm, de réir mar a éilíodh dlíthe na filíochta.

Bhí na cúirteanna filíochta an-tábhachtach le linn ré na Nua-Gaeilge Moiche. Filí clúiteacha ba ea Dhonnchadh Mór Ó Dálaigh (1175-1244), Muireachadh Albanach Ó Dálaigh (1180-1250), Gofraídh Fionn Ó Dálaigh (1320-87), Tadhg Dall Ó hUiginn (1550-91), Eochaíd Ó hEodhusa (1567-1617), Fear Flatha Ó Gnímh (1602-1640) agus araile.

An 18ú agus 19ú Aois

Cé go raibh deireadh tagtha le ré na bpátrún, lean go leor daoine ar aghaidh ag cumadh saothari i nGaeilge, mar sheampla Peadar Ó Doirnín (1704-68), Aindrias Mac Craith (1708-95), Donnchadh Ruadh Mac Con Mara (1715-1810), Eoghan Ruadh Ó Súilleabháin (1748-84), Eibhlín Dhubh Ní Chónaill (1748-1800), a chum *Caoineadh Airt Uí Laoghaire*, nuair a maraíodh Art, a fear céile, sa bhliain 1773, Brian Merriman (1747-1805), an file a chum *Cúirt an Mheán Oíche*, Antaine Ó Reachtabra (1784-1835).

Le Déanaí

I ndeireadh na naoú haoise déag, cuireadh an Nua-Ghaeilge chomhaimseartha ar bun. Ar dtús, rinne lucht an ghlanteangachais, a raibh daoine ar nós Risteard de Hindeberg orthu, iarrachtaí áirithe ar chaighdeán na Nua-Ghaeilge Clasaicí a athréimniú, ach b'í an scríbhneoir biseach úd, an tAthair Peadar Ua Laoghaire, a rug bua ar de Hindeberg agus an dóigh a raibh sé ag cur béime ar ghnáthchaint na ndaoine.

## CEISTEANNA

1. An bhfuil Gaeilge le chloisteál timpeall ortsá sa bhaile?
2. An bhfuil Gaeilge ag do thuistí / seantuistí?
3. Gaeilge sa todhchaí? Céard é do mheas?

## GLOSSARY

## Foclóir

- **An tOgham**—Is an early Medieval alphabet used to write the early Irish language in the so called orthodox inscriptions.
- **Traigisiún**—traditions, a belief, principle or a way or acting that people in a particular group/society have.
- **Teip**—to fail, to not succeed at what you are expected to achieve or do.
- **Caighdeán**—standards, something considered by a general authority as a basis for comparison.

